

## Ceacht Líníochta le Ranganna 3 go dtí 4 'Méanfach Mór!'

Gemma Mc Girr

<b>Snáth Curaclaim:</b>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 48)
<b>Cuspóir:</b>	Líníocht ó bhreathnú (lch. 48)
<b>Nasc:</b>	Péint agus Dath > Péinteáil ó bhreathnú (lch. 50)

### Féidearthachtaí Imeasctha:

**SPHE:** *Idirdhealú a dhéanamh idir bheathú sláintiúil agus míshláintiúil agus ról na cothromaíochta agus na measarthachta a thuiscint (lch. 40)*

**Teanga labhartha:** *Tuairimí faoi dhánta a phlé (lch. 44)*

**Eolaíocht:** (1) Breathnú ar na hainmhithe agus na plandaí a mhaireann sna timpeallachtaí áitiúla, iad a ainmniú agus a fhiosrú (lch. 62)

(2) Fiosrú agus scrúdú a dhéanamh faoin gcaoi a ngluaiseann daoine (lch. 61)

(3) Feasacht faoi thábhacht an bhia ó thaobh fuinnimh agus fáis de a fhorbairt (lch. 61)

### An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

**Ábhair Riachtanacha:** Páipéar Líníochta  
Scátháin  
Pinn Luaidhe (2B, 4B)  
(Roghnach: Pinn luaidhe daite, criáin, pastail, marcóirí)

### **Spreagadh:**

#### TRÍ THIMPIST

Uair amháin - ní raibh sé ar intinn agam,  
ach b'shin mar a bhí -  
Rinne mé méanfach faoin ngriain  
agus shloig mé corrmhíol.

B'fhéarr liom muisiriúin a ithe  
agus cosa frog  
b'fhéarr liom piobair  
caite ar m'ubh

ná mo bhéal a oscailt  
go codlatach sa lá  
agus é a dhúnadh ar chormhíol  
atá ag dul thar bráid.

Bhí sé beagán salainneach  
ach níor ghortaigh sé mé.  
D'ith mé corrmhíol trí thimpist  
agus sin é mo scéal!  
*Maxine W. Kumin*

“Cad a tharlaíonn do d'aghaidh nuair a dhéanann tú méanfach? Féach sa scáthán. Cé chomh leathan is a osclaíonn do bhéal? Cad a tharlaíonn do do shúile? Cé mhéid den taobh istigh de do bhéal atá le feiceáil? An bhfuil d'fhiacla le feiceáil? Conas a mhothaíonn d'aghaidh nuair a dhéanann tú méanfach?”

**Gníomhaíocht:** Amharcann na leanaí orthu féin ag meánfach sna scátháin agus déanann líníochtaí díobh féin. Spreag iad chun amharc go géar ar a ngnéithe le feiceáil

cad a tharlaíonn do mhatáin a n-aghaidh nuair a bhíonn siad ag méanfach. (Beidh a lán sciotaíle ann nuair a thosaíonn siad ach rachaidh sé seo i léig nuair a dhíríonn na leanaí ar a gcuid líníochtaí). Mol do na leanaí amharc ar a n-aghaidh ó uillí difriúla agus níos mó ná líníocht amháin a dhéanamh. Siníonn siad a líníochtaí agus cuireann dáta orthu nuair a bhíonn siad réidh, mar a dhéanann ealaíontóirí!

**Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Nuair atá siad réidh tabhair am dóibh chun a líníochtaí a phlé. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh le 'Cathaoir Ealaíontóra', mar a dtaispeánann gach leanbh a líníocht ar a seal agus a thugann siad tuairisc fúthu. B'fhéidir gur mhaith leo ceisteanna a chur ar a chéile. Cuir líníochtaí na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó sa dorchla.

Spreag na leanaí chun freagairt d'fhéinphortráidí agus do líníochtaí le healaíontóirí ar nós Leonardó da Vinci, Edvard Munch, Edward Hopper agus Tony O'Malley.

**Gníomhaíochtaí Breise:**

B'fhéidir gur mhaith leis na leanaí tabhairt faoin ngníomhaíocht seo mar cheacht i líníocht chartúin. Tuigfidh siad chomh tábhachtach is atá sé amharc go géar ar ábhar agus go bhfuil cartúin bunaithe ar líníocht ó bhreathnú.

**Féidearthachtaí TCF:**

D'fhéadfaí na líníochtaí a scanáil isteach sa ríomhaire agus a phriontáil mar 'Leabhar Féinphortráidí' nó Dánlann Fíorúil a dhéanamh astu agus iad a úsáid mar sparálaí scáileáin ar ríomhaire an ranga.

**Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:**

Tugann na cláir *Líníocht* ar an DVD deiseanna chun éisteacht le leanaí ag freagairt dá saothair féin i 'gCathaoir an Ealaíontóra'.

**Nótaí Eile:**

Is cleachtadh an-mhaith é seo ar líníocht a dhéanamh ó bhreathnú mar go spreagann sé na leanaí chun amharc go dáiríre ar a n-aghaidh agus a fheiceáil conas a athraíonn a ndreach. Beidh spórt acu ag úsáid na gníomhaíochta seo chun líníochtaí cartúin a dhéanamh dóibh féin.

**Ealaíontóirí Ábhartha:**

Leonardo da Vinci  
Edvard Munch  
Edward Hopper  
Tony O'Malley

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

*Féinphortráid le da Vinci*

<http://www.visi.com/~reuteler/leonardo/self.jpg>

*Aghaidh Áiféiseach líníocht le da Vinci*

<http://www.visi.com/~reuteler/leonardo/grotesque.jpg>

*An Scread le Edvard Munch*

[http://www.en.wikipedia.org/wiki/Image:The\\_Scream.jpg](http://www.en.wikipedia.org/wiki/Image:The_Scream.jpg)

*Féinphortráid le Edward Hopper*

[http://www.npg.si.edu/cexh/eye/html/l\\_hopper.htm](http://www.npg.si.edu/cexh/eye/html/l_hopper.htm) do

*Féinphortráid le Tony O'Malley*

<http://www.tate.org.uk/stives/exhibitions/tonyomalley/guide.shtm>